



Scoil Bhríde,
Mionloch,
Gaillimh.
Guthán: 091-762323
Uimhir Rolla: 17759J
www.scoilbhríde1862.ie

Scoil Bhríde **Polasaí Úsáide Inghlactha**

Creideann oideachasóirí sna buntáistí a bhaineann le húsáid an idirlín go curaclam bunaithe. An cuspóir a bhaineann leis an mbeartas seo, Polasaí Úsáide Inghlactha, ná chun deimhniú go mbaineann páistí buntáiste iomlán ó dheiseanna foghlama leis na hacmhainní idirlíonta, agus go mbeidh siad cosanta ó úsáid neamhdhleathach agus dainséarach an idirlín.

Cuirfidh Scoil Bhríde réimse straitéisí i bhfeidhm chun deiseanna foghlama a mhéadú agus chun aon bhaol maidir leis an idirlíon a laghdú. Seo hiad na straitéisí:

- Polasaí Úsáide Inghlactha
- Oideachas
- Ag Scagadh / Ag Déanamh Monatóireachta

Rochtain Páistí ar an Idirlíon

Tá áthas ar an scoil an t-idirlíon a chur ar fáil mar acmhainn do pháistí agus do mhúinteoirí araon do chúiseanna tagartha, ag déanamh taighde ar ábhair thionscadail, ag imirt cluichí oideachasúla idirghníomhaíochta, ag foghlaim conas clóscríobh agus chun treisiú a dhéanamh ar cheachtanna. Cabhróidh rochtain ar áiseanna ar líne le páistí fiosrú a dhéanamh ar na mílte leabharlann, bunachair sonraí, agus bullaitín ar líne ar fud an domhain.

Tá scileanna taighde ar eolas leictreonach fíorthábhachtach anois mar ullmhúchán don saol agus do mhaireachtáil i ré an eolais. Déanfaidh an scoil comhtháthú ar eolas dá leithéid de réir mar is gá ar fud an churaclaim, agus tabharfaidh an fhoireann treoir agus stiúir do dhaltaí in úsáid inghlactha acmhainní dá leithéid, mar a léirítear sa pholasaí seo. Múinfear úsáid Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) agus cuirfear ar fáil é ó Rang 2 go Rang 6. Ní cheadófar múineadh an TFC ach amháin nuair a thugtar cead tuismitheoirí agus cead na ndaltaí le foirmeacha ceada agus comhaontaithe.

1. Beidh seisiúin idirlín faoi stiúir an mhúinteora i gcónaí.
2. Úsáidfear an t-idirlíon le haghaidh cúiseanna oideachasúla amháin.
3. Iarrfaidh na daltaí cead roimh dul ar shuíomh idirlín, muna bhfuil sé ceadaithe cheana ag an múinteoir.

4. Úsáidfeadh bog earraí scagtha chun baoil a laghdú maidir le teagmháil le hábhar mí-oiriúnach.
5. Déanfaidh an scoil monatóireacht go rialta ar úsáid idirlín na ndaltaí.
6. Gheobhaidh na daltaí traenáil i réimse na sábháilteachta idirlín.
7. Múinfeadh do na daltaí conas an t-inneachar ar shuíomhanna idirlín a mheas.
8. Cuirfeadh na múinteoirí ar an eolas faoi shaincheistanna sábháilteacht idirlín.
9. Tá toirmeasc ar uaslódáil agus íoslódáil ábhar nach bhfuil ceadaithe.
10. Úsáidfeadh agus déanfar uas-dhátú ar bhogearraí cosanta víris.
11. Caithfeadh cead an mhúinteora a fháil chun USB, tiomántán cruá seachtrach nó CD-ROM a úsáid ar scoil.
12. Úsáidfidh na daltaí béasaí idirlín maithe (béasaí ar líne) i gcónaí agus ní dhéanfaidh siad aon rud chun droch-cháil a thabhairt ar an scoil.
13. Ní féidir suíomhanna ar nós YouTube, agus araile, a úsáid ach amháin faoi stiúir agus faoi threoir an mhúinteora.
14. Tá cosc ar na meáin shóisialta; 'Facebook', 'Snapchat', 'Instagram' agus araile.
15. Tá cosc ar aon ghléas leictreonach atá in ann ceangail leis an idirlíon nó ábalta taifeadh, ar nós iPod, táibléad, fóin phóca, agus araile.

Ríomhphoist

Má tá cead ag daltaí ríomhphost a úsáid, beidh na rialacha seo a leanas i bhfeidhm:

1. Úsáidfeadh ríomhphoist le haghaidh úsáid oideachasúil amháin.
2. Ní úsáidfidh daltaí ach cuntais ríomhphoist ranga faoi stiúir nó le cead an mhúinteora.
3. Ní sheolfaidh nó ní ghlacfaidh daltaí le haon ábhar neamhdhleathach, gáirsiúil, agus clúmhilleach, nó ábhar gur féidir cur isteach ar nó imeagla a chur ar dhuine eile.
4. Ní sheolfaidh daltaí teachtaireachtaí pearsanta ó nó go dtí cuntas ríomhphoist scoile má tá múinteoir tar éis ríomhphost sainiúil a chruthú do thionscadal.
5. Ní nochtfaidh daltaí a sonraí pearsanta féin nó sonraí pearsanta daoine eile trí ríomhphoist scoile, ar nós seoltaí, uimhreacha gutháin, nó pictiúir.
6. Ní eagróidh daltaí chun bualadh le duine eile trí mheán ríomhphost na scoile.
7. Ní féidir ceangaltáin a sheoladh nó a ghlacadh ar ríomhphost gan cead an mhúinteora.
8. Ní ghlacfaidh daltaí ach le ríomhphoist shainiúla scoile ó sheoltaí ríomhphoist sainiúla scoile cruthaithe ag an múinteoir.
9. Is féidir aon seoladh ríomhphoist ó thuismitheoirí a thagann isteach chuig múinteoir a roinnt leis na múinteoirí agus foireann na scoile.

Comhrá Idirlín

Ní cead ag daltaí seomraí comhrá idirlín a úsáid.

Suíomh na Scoile

Is féidir le daltaí tionscadail, ealaín, scríbhneoireacht, nó taifid chlosamhairc a chruthú a bheadh oiriúnach le haghaidh foilseacháin ar shuíomh na scoile. Déanfaidh múinteoirí áirithe bainistiú ar an ábhar ar an suíomh scoile ag leanúint na coinníollacha seo a leanas:

1. Ní dhéanfar foilsiú ar eolas pearsanta, seoltaí baile nó sonraí teagmhála daltaí ar shuíomh na scoile.
2. Ní dhéanfar foilsiú ar liostaí ranga.
3. Ní dhéanfar foilsiú ar ainmneacha iomlána páistí in aice lena ngrianghraif.
4. Díreofar ar ghrúpaí agus ar ghníomhaíochtaí i ngrúpaí seachas ar pháistí aonair chomh fada agus gur féidir i ngrianghraif dhigiteacha, i ngearrthóga físe agus i ngearrthóga fuaime.
5. Tabharfar an deis do pháistí a gcuid tionscadail, ealaín agus obair scoile a fhoilsiú ar shuíomh na scoile.
6. Roghnóidh múinteoirí obair atá le foilsiú ar an suíomh agus an oiriúnacht a bhaineann leis an obair.
7. Iarrfar cead ón dalta/ó thuismitheoirí/ó chaomhnóirí chun obair an pháiste a fhoilsiú nuair a chláraíonn an páiste. Is féidir an cead a aistarraingt am ar bith.
8. Beidh cóipcheart ag an dalta ar aon obair a fhoilseofar.

Oideachas agus Feasacht Idirlín

Cuirfidh Scoil Bhríde clár oideachais i bhfeidhm chun oideachas a chur ar pháistí faoi úsáid shábháilte agus fhreagrach an idirlín. Is bagairt faoi leith é cibearbhulaíocht sa lá atá inniu ann. Trí oideachas agus feasacht a ardú, tá sé mar sprioc againn soghabháiltacht ár bpáistí a laghdú don dainséar thuasluaite de réir mar a dhéanann siad dul chun cinn i dtreo na meánscoile. I saol an céadú haois is fiche tá an-chuid dainséar, foréigin, ciníochas agus dúshaothrú gur chóir ár bpáistí agus daoine óga a chosaint uathu. Ag an am céanna, ba chóir dóibh foghlaim conas na baoil seo a aithint agus a sheachaint – ar mhaithe le bheith stuama faoin idirlín.

D'fhéadfaí na hacmhainní seo a leanas a úsáid chun an clár seo a chur i bhfeidhm:

- Físeán an NCTE: Safety Awareness Video
- Úsáid an roinn faoi pháistí ar an suíomh www.webwise.ie
- An clár SAFT agus na heiseamláirí a ghabhann leis (Internet Safety Awareness Education Programme)
- Treoirí bunaithe ar Shábháilteacht Idirlín foilsithe ar an nuachtlitir scoile
- Cuairt ón nGarda áitiúil uair sa téarma
- Cainteanna Eolais do pháistí
- Cainteanna Eolais do thuismitheoirí
- Leathanach 'Safe Book' tugtha do pháistí Rang 5 & 6 gach bliain.

Scagadh

Úsáidfidh an scoil an t-idirlíon atá curtha ar fáil agus scagtha ag an NCTE (National Centre for Technology). Úsáidfean an téarma ‘scagadh’ chun cur síos a dhéanamh ar an tslí chun teagmháil le réimse ábhar ar shuíomhanna idirlín, ríomhphoist, seomraí comhrá agus sonraí eile leictreonacha a laghdú. Úsáideann Scoil Bhríde bogearraí scagtha breise chomh maith ar gach aon ríomhaire, rud a laghdaíonn rochtain na ndaltaí ar an idirlíon níos mó, cé nach réiteach iomlán na faidhbe é seo. Ní féidir le scagaire ar bith a bheith 100% cruinn. An uirlis scagtha is fearr ná monatóireacht daoine fásta. Ag Scoil Bhríde, creidimid go bhfuil buntáiste i bhfad níos mó ag baint le rochtain a bheith ag páistí ar acmhainní eolais agus deiseanna méadaithe comhoibrithe ná na baoil a bhaineann leis na míbhuntáistí.

Déantar monatóireacht ar rochtain ar an idirlíon ar gach ríomhaire scoile agus déanann an NCTE meastóireacht rialta air. Bíonn suíomhanna ceadaithe tar éis dul tríd córas chun a oiriúnacht a chinntiú.

Tá uirlis scagtha mar chuid de roinnt mhaith brabhsálaithe, mar shampla, Google. Tá ‘Safe Search’ mar chuid d’uirlis chuardaigh. Cuireann an scagaire seo bac le suíomhanna go bhfuil pornagrafaíocht nó ábhar bainteach le gnéas mar chuid dóibh teacht chun cinn sa chuardach. Is féidir é a chur i bhfeidhm go héasca tríd an nasc ‘Preferences’ a roghnú ar aon leathanach Google. Faraor, is féidir é a bhaint chomh héasca céanna.

Tá ballaí dóiteáin mar chuid de gach córas oibriúcháin. Is féidir bogearraí na mballaí dóiteáin a cheannach nó a íoslódáil saor in aisce ón idirlíon. Tá bogearraí na mballaí dóiteáin suiteáilte ag Scoil Bhríde.

Smachtbhannaí

Má mhí-úsáideann dalta an t-idirlíon nó ríomhphost, má thagtar orthu ag déanamh cuardach mí-oiriúnach nó ag iarraidh suíomhanna mí-oiriúnacha a chuardach, nó má dhéantar taifead, beidh ar an scoil gníomhaíocht smachta a chur i bhfeidhm, chomh maith le pribhléidí a bhaint. Gheobhaidh tuismitheoirí/caomhnóirí fógra faoi mhí-úsáid an dalta. Má tharlaíonn an t-iompar céanna arís, bainfean pribhléidí ar feadh tréimhse níos faide, de réir mar a cheapann foireann na scoile.

Sínithe: _____
(Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta)

Sínithe: _____
(Príomhoide)

Dáta: _____

Dáta: _____

Dáta an Chéad Athbhreithniú Eile: _____

Úsáid Fhreagrach an Idirlín – Tuiscint an Pháiste

Úsáidimid ríomhairí na scoile agus an cheangail idirlín don obair. Cabhróidh na rialacha seo a leanas linn le bheith cothrom le daoine eile agus chun gach duine a choimeád sábháilte.

- Iarrfaidh mé cead roimh dul ar aon suíomh, muna bhfuil mo mhúinteoir tar éis cead a thabhairt dul ar an suíomh roimhe sin.
- Ní thabharfaidh mé dioscaí stórála seachtracha, ar nós tiomántán (USB/cipín cuimhne, agus araile) nó uirlisí taifid leictreonacha ar nós táibléid, fóin phóca nó iPod, ar scoil gan cead.
- Ní úsáidfidh mé ríomhphost do chúiseanna pearsanta.
- Ní úsáidfidh mé ríomhphost ach do thionscadail scoile agus le cead mo mhúinteoir.
- Beidh na teachtaireachtaí a sheolaim béasach agus ciallmhar.
- Nuair a sheolaim ríomhphost, ní thabharfaidh mé mo sheoladh baile nó m'uímhír ghutháin nó ní eagróidh mé bualadh le duine ar bith gan cead a fháil ó mhúinteoir nó tuismitheoir roimh ré.
- Iarrfaidh mé cead roimh ríomhphost, nó roimh cheangaltán, a oscailt.
- Ní úsáidfidh mé seomraí comhrá ar líne.
- Má fheicim aon rud a bhfuilim míshásta leis, nó má fhaighim teachtaireacht nach bhfuilim sásta leis, inseoidh mé do mhúinteoir láithreach.
- Tá a fhios agam go bhfuil seans ann go ndéanfaidh an scoil seiceáil ar mo chuid comhaid ríomhaireachta agus ar na suíomhanna a théim chucu.
- Tuigim, má bhrisim na rialacha seo, d'fhéadfadh bac a bheith curtha ar m'úsáid idirlín agus ríomhairí agus luafar é le mo tuismitheoirí.

Sínithe: _____ (Dalta/i)

Sínithe: _____ Tuismitheoir / Caomhnóir

Dáta: _____

Foirm maidir le Cead don Idirlín

Ainm an Pháiste: _____

Rang: _____

Mar thuismitheoir nó caomhnóir dleathach an pháiste thuas, tá an polasaí úsáide inghlactha léite agam agus tugaim cead do _____ (ainm an pháiste) rochtain a bheith acu ar an idirlín. Tuigim go bhfuil úsáid an idirlín ar scoil do chúiseanna oideachais amháin agus go mbeidh gach rud gur féidir déanta chun sábháilteacht ar líne a chinntiú.

Glacaim le mo fhreagracht féin ó thaobh oideachas mo pháiste maidir le freagracht agus sábháilteacht ar an idirlín.

Tuigim, má leantar na rialacha go léir thuasluaite, nach féidir leis an scoil a bheith freagrach má dhéanann mo pháiste iarracht rochtain a fháil ar ábhar mí-oiriúnach.

Sínithe: 1. _____ 2. _____

(Tuismitheoirí / Caomhnóirí Dleathacha)

Dáta: _____

An Suíomh Gréasáin

Tuigim, má chreideann an scoil go bhfuil sé oiriúnach, d'fhéadfadh obair mo pháiste, nó grianghraf d'obair mo pháiste a bheith roghnaithe le haghaidh suíomh na scoile. Tuigim agus glacaim le téarmaí an Pholasaí Úsáide Inghlactha maidir le foilsíú obair pháistí agus grianghraif de ghníomhaíochtaí scoile ar an suíomh.

Sínithe: 1. _____ 2. _____

(Tuismitheoirí / Caomhnóirí Dleathacha)

Dáta: _____